



Comhairle Cathrach Gaillimhe
Fógra Poiblí
An tAcht um Pleanáil & Forbairt, 2000 (arna leasú)

Dréachtphlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029

Tugtar fógra leis seo go bhfuil Dréachtphlean Forbartha Chathair na Gaillimhe ullmhaithe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, de réir Alt 12 d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), le haghaidh na tréimhse 2023-2029 do cheantar riaracháin Chathair na Gaillimhe.

Tá Tuarascáil Chomhshaoil Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) ullmhaithe de réir na Treorach um Mheasúnacht Straitéiseach (SEA) Timpeallacht Pleanála agus Forbartha (2001/42/CE) agus na Rialachán SEA Pleanála agus Forbartha 2004 (I.R. Uimh. 436 de 2004) (arna leasú) ag gabháil le Dréachtphlean Forbartha Chathair na Gaillimhe, mar aon le Measúnacht Chúí (AA) Thuarascáil Tionchair Natura (NIR) de bhua Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) agus an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú). Tá Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte (SFRA) ag gabháil leis an Dréachtphlean freisin.

Cuimsítear an méid seo a leanas i bDréachtphlean Forbartha Chathair na Gaillimhe:

- Imleabhar 1: Ráiteas Scríofa
- Imleabhar 2: Mapaí
- Imleabhar 3: Measúnachtaí Timpeallachta den Phlean, lena n-áirítear: Tuarascáil Timpeallachta SEA, NIR agus SFRA

Comhairliúchán poiblí

Tá cóipeanna de Dhréachtphlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 lena n-áirítear mapaí, measúnachtaí timpeallachta agus doiciméid thacaíochta le fáil ar an suíomh gréasáin www.galwaycity.ie agus is féidir amharc orthu agus iad a íoslódáil ó thairseach chomhairliúcháin an phlean forbartha ar líne freisin www.consult.galwaycity.ie.

Is féidir breathnú ar chóipeanna crua in Oifig Pleanála Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i rith uaireanta oibre, ach ní mór coinne a dhéanamh. Chomh maith leis sin, is féidir breathnú orthu i rith gnáthuaireanta oibre sa Leabharlann Cathrach na Gaillimhe, Leabharlann an Taoibh Thiar agus Leabharlann an Bhaile Bháin - Dé hAoine, an 28 Eanáir - Dé Céadaoin, an 13 Aibreán 2022:

Is féidir cóip chrua a cheannach ar luach ainmniúil ón Roinn Pleanála, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Bóthar an Choláiste, Gaillimh, H91 X4K8.

Is féidir aighneachtaí/breathnóireachtaí i scríbhinn a dhéanamh mar seo a leanas:

- Trí úsáid a bhaint as an tairseach aighneachta ar líne i ndiaidh clárú ar www.consult.galwaycity.ie
- Trí ríomhphost a sheoladh chuig devplan@galwaycity.ie.

- Trí d'aighneacht/breathnóireacht a sheoladh tríd an bpost chuig **An Pleanálaí Sinsearach, An Roinn Pleanála, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh, H91 X4K8.**

Ba cheart go mbeadh **Dréachtphlean Forbartha Cathrach** scríofa ar aighneachtaí/breathnóireachtaí mar aon le d'ainm, seoladh agus más cuí, an comhlacht nó eagraíocht a bhfuil tú ag déanamh ionadaíocht air/uirthi. Ná déan d'aighneacht/do bhreathnóireacht ach ar bhealach amháin i.e. ar líne, trí ríomhphost nó cóip chrua a sheoladh sa phost.

Is é an dáta deiridh a nglacfar le haighneachtaí/breathnóireachtaí, Dé Céadaoin, an 13 Aibreán 2022.

Breithneofar gach aighneacht/breathnóireacht a thaisctear laistigh den tréimhse chomhairliúcháin thuasluaite. Tabhair faoi deara nach féidir aighneachtaí / breathnóireachtaí déanacha a bhreithniú.

Mar chuid den chomhairliúchán poiblí, tá Foireann an Phlean Forbartha ar fáil chun aon ghné den Dréachtphlean a phlé. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an bhFoireann trí ríomhphost a sheoladh chuig - devplan@galwaycity.ie nó glaoch ar an Uimhir Theileafóin - 091 536599.

Táthar ag súil go mbeidh Seisiún Buail Isteach Faisnéise Poiblí á reáchtáil i rith thréimhse an chomhairliúcháin poiblí ag brath ar shrianta Covid-19. Fógrófar aon imeachtaí comhairliúcháin poiblí roimh ré ar www.galwaycity.ie, ar na meáin shóisialta agus sa *Galway Advertiser*.

Cosaint sonraí

Tabhair faoi deara go bhfoilseofar gach aighneacht/breathnóireacht bhailí a fhaigheann an Chomhairle ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus go n-áireofar iad i dTuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir le haighneachtaí/breathnóireachtaí faighte.

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe faoi réir cheanglais an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, an Achta um Chosaint Sonraí, 2018 agus na Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Ní dhéanfar sonraí a phróiseáil ach de réir na reachtaíochta thuasluaite. Tá an Ráiteas Príobháideachais a bhaineann le bainistíocht na n-aighneachtaí a rinneadh i rith an phróisis chomhairliúcháin poiblí seo le fáil ar an Tairseach seo – <https://www.galwaycity.ie/planning-privacy-statement> Tá polasaí príobháideachais Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le fáil anseo - <https://www.galwaycity.ie/privacy-policy>.

Dáta: An 28 Eanáir 2022

Patricia Philbin

Stiúrthóir Seirbhísí

Pleanáil, Tithíocht, Forbairt Gheilleagrach & Cultúr